Eagrán Speisialta *
9 Samhain 2020

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1655 ón gComhairle an 6 Samhain 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1890 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir** ..... 1

CINNTÍ

★ **Cinneadh (CBES) 2020/1656 ón gComhairle an 6 Samhain 2020 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) i réimsí na slándála núicléiche agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta** ..... 4

★ **Cinneadh (CBES) 2020/1657 ón gComhairle an 6 Samhain 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir** ..... 16

GA

* Faoin tagairt L 372 I a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/1655 ÓN gCOMHAIRLE

**an 6 Samhain 2020**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1890 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1890 ón gComhairle an 11 Samhain 2019 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 11 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/1890.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar na bearta, ba cheart na hiontrálacha atá i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlíthiúla, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 a uasdátú agus a leasú.

(3) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Samhain 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH

([1]) IO L 291, 12.11.2019, lch. 3.

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CBES) 2019/1890, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1 agus 2:

| | Ainm | Faisnéis sainaitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "1. | Mehmet Ferruh AKALIN | Dáta breithe: 9.12.1960<br>Uimhir Phas nó Aitheantais: 13571379758<br>Náisiúntacht: Turcach<br>Inscne: fireann | Tá Mehmet Ferruh Akalın ina Leas-Uachtarán (Bainisteoir Cúnta Ginearálta) agus ina chomhalta ar Bhord Stiúrthóirí Chorparáid Pheitriliam na Tuirce (TPAO). Tá sé ina cheann ar na Ranna Taiscéalaíochta, Taighde agus Forbartha agus Teicneolaíochtaí Faisnéise de chuid TPAO.<br>Ina cháil mar Leas-Uachtarán TPAO agus mar cheann na Roinne Taiscéalaíochta, tá Mehmet Ferruh Akalın freagrach as gníomhaíochtaí taiscéalaíochta hidreacarbóin amach ón gcósta de chuid TPAO a phleanáil, a stiúradh agus a chur chun feidhme. Áirítear orthu siúd gníomhaíochtaí druileála TPAO nár údaraigh Poblacht na Cipire iad, mar a leagtar amach thíos.<br>Rinne na soithí seo a leanas na gníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe sin:<br>(a) soitheach druileála TPAO Yavuz i bhfarraige theorann Phoblacht na Cipire idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2019;<br>(b) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Dheireadh Fómhair 2019 agus mí Eanáir 2020;<br>(c) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, agus i gcomhaontú le hIosrael, idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2020;<br>(d) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2020;<br>(e) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe, an-ghar dá farraige theorann, idir mí na Samhna 2019 agus mí Eanáir 2020;<br>(f) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse thiar den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra do na Náisiúin Aontaithe ina leith, idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2019. | 27.2.2020 |
| 2. | Ali Coscun NAMOGLU | Dáta breithe: 27.11.1956<br>Uimhir Phas nó Aitheantais: 11096919534<br>Náisiúntacht: Turcach<br>Inscne: fireann | Tá Ali Coscun Namoglu ina Leas-Stiúrthóir ar Roinn Taiscéalaíochta Chorparáid Pheitriliam na Tuirce (TPAO).<br>Sa cháil sin, tá Ali Coscun Namoglu páirteach i ngníomhaíochtaí taiscéalaíochta hidreacarbóin amach ón gcósta de chuid TPAO a phleanáil, a stiúradh agus a chur chun feidhme. Áirítear orthu siúd gníomhaíochtaí druileála TPAO nár údaraigh Poblacht na Cipire iad, mar a leagtar amach thíos. | 27.2.2020" |

| | Ainm | Faisnéis sainaitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Rinne na soithí seo a leanas na gníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe sin:<br>(a) soitheach druileála TPAO Yavuz i bhfarraige theorann Phoblacht na Cipire idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2019;<br>(b) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Dheireadh Fómhair 2019 agus mí Eanáir 2020;<br>(c) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, agus i gcomhaontú le hIosrael, idir mí Eanáir 2020 agus mí Aibreáin 2020;<br>(d) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2020;<br>(e) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe, an-ghar dá farraige theorann, idir mí na Samhna 2019 agus mí Eanáir 2020;<br>(f) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse thiar den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra do na Náisiúin Aontaithe ina leith, idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2019. | |

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2020/1656 ÓN gCOMHAIRLE

**an 6 Samhain 2020**

**maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) i réimsí na slándála núicléiche agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta ("an Straitéis"), ina bhfuil, i gCaibidil III, liosta de na bearta is gá a dhéanamh laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha chun an leathadh sin a chomhrac.

(2) Tá an Straitéis á cur chun feidhme go gníomhach ag an Aontas agus tá éifeacht á tabhairt aige do na bearta a liostaítear i gCaibidil III di, go háirithe trí acmhainní airgeadais a scaoileadh chun tacú le tionscadail shonracha arna seoladh ag institiúidí iltaobhacha, amhail an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA).

(3) An 17 Samhain 2003, ghlac an Chomhairle Comhsheasamh 2003/805/CBES ([1]). Leis an gComhsheasamh sin, iarrtar, *inter alia*, go gcuirfí chun cinn tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe maidir le coimirciú cuimsitheach IAEA agus Prótacail Bhreise agus cuirtear de cheangal ar an Aontas oibriú chun go mbeidh na Prótacail Bhreise agus na comhaontuithe maidir le coimirciú cuimsitheach ina ngnáthchleachtas do chóras fíorúcháin IAEA.

(4) An 17 Bealtaine 2004, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/495/CBES ([2]).

(5) An 18 Iúil 2005, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/574/CBES ([3]).

(6) An 12 Meitheamh 2006, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2006/418/CBES ([4]).

(7) An 14 Aibreán 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/314/CBES ([5]).

(8) An 27 Meán Fómhair 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/585/CBES ([6]).

([1]) Comhsheasamh 2003/805/CBES ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le huiliú agus le comhaontuithe iltaobhacha a neartú i réimse neamhleathadh arm ollscriosta agus a modh seachadta (IO L 302, 20.11.2003, lch. 34).

([2]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/495/CBES ón gComhairle an 17 Bealtaine 2004 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí IAEA faoina Clár um Shlándáil Núicléach agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 182, 19.5.2004, lch. 46).

([3]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/574/CBES ón gComhairle an 18 Iúil 2005 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí IAEA i réimsí na slándála núicléiche agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 193, 23.7.2005, lch. 44).

([4]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2006/418/CBES ón gComhairle an 12 Meitheamh 2006 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí IAEA i réimsí na slándála núicléiche agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 165, 17.6.2006, lch. 20).

([5]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/314/CBES ón gComhairle an 14 Aibreán 2008 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí IAEA i réimsí na slándála núicléiche agus an fhíoraithe núicléach agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 107, 17.4.2008, lch. 62).

([6]) Cinneadh 2010/585/CBES ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2010 maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí IAEA i réimsí na slándála núicléiche agus an fhíoraithe agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 259, 1.10.2010, lch. 10).

(9) An 21 Deireadh Fómhair 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/517/CBES ([7]).

(10) An 21 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2383 ([8]) agus, an 8 Meitheamh 2020, chuir sí síneadh lena ré trí Chinneadh (CBES) 2020/755 ón gComhairle ([9]).

(11) An 8 Bealtaine 2016, tháinig an Leasú ar an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Fhisiceach Ábhair Núicléach agus Saoráidí Núicléacha (CPPNM) i bhfeidhm. Is Páirtithe iad Ballstáit uile AE, chomh maith le Comhphobal Euratom, sa Leasú a rinneadh in 2005 ar an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Fhisiceach Ábhair Núicléach (ACPPNM). Leanann an tAontas dá uilíochas agus dá chur chun feidhme éifeachtach a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thacú leis na gníomhaíochtaí slándála núicléiche a chuirtear chun feidhme faoi Phlean IAEA um Shlándáil Núicléach 2018-2021.

(12) Á athdhearbhú gur ar an Stát, agus ar an Stát amháin a bhíonn an fhreagracht as an tslándáil núicléach sa Stát, tá an tAontas tiomanta do leanúint den tslándáil núicléach a neartú trí bhearta slándála náisiúnta agus trí chomhar idirnáisiúnta araon a chur chun feidhme. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis an obair atá ar siúl ag IAEA maidir le cúnamh a thabhairt do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, chun córais náisiúnta slándála núicléiche atá éifeachtach agus inbhuanaithe a bhunú agus a fheabhsú. Dá bhrí sin, beidh tacaíocht an Aontais i gcomhréir le Dearbhú Aireachta agus le torthaí na "Comhdhála Idirnáisiúnta maidir leis an tSlándáil Núicléach – Iarrachtaí a Chothú agus a Neartú" (Comhdháil ICONS) a tionóladh i gCeanncheathrú IAEA i Vín an 10 go 14 Feabhra 2020. Leanfaidh sé de bheith ag rannchuidiú le cur chun feidhme Plean IAEA um Shlándáil Núicléach 2018-2021, plean a d'fhormheas Bord Rialtóirí IAEA an 13 Meán Fómhair 2017, agus a d'fhormhuinigh an Chomhdháil Ghinearálta an 14 Meán Fómhair 2017. Tá sé d'aidhm ag an Aontas inbhuanaitheacht agus éifeachtacht chur chun feidhme na nGníomhaíochtaí Comhpháirteacha agus na gCinntí ón gComhairle a bhí ann roimhe seo a choinneáil chun tacú le Pleananna IAEA um Shlándáil Núicléach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Chun leanúint den Straitéis a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, tabharfaidh an tAontas tacaíocht do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) arb é is aidhm dóibh:

(a) cur leis na hiarrachtaí domhanda slándáil núicléach éifeachtach a bhaint amach, trí threoir chuimsitheach a leagan síos maidir leis an tslándáil núicléach agus, arna iarraidh sin, úsáid treorach den sórt sin a chur chun cinn trí athbhreithnithe piaraí agus trí sheirbhísí comhairleacha agus trí fhothú acmhainneachta, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint;

(b) cúnamh a thabhairt le go gcloífear leis na hionstraimí ábhartha idirnáisiúnta dlí agus le go gcuirfear chun feidhme iad, agus chun an comhar agus an comhordú idirnáisiúnta a neartú i ndáil le cúnamh; agus

(c) tacú le sainordú IAEA chun ról lárnach a imirt agus feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta sa tslándáil núicléach, mar fhreagairt ar thosaíochtaí na mBallstát arna gcur in iúl trí chinntí agus rúin Orgáin Cheaptha Beartais IAEA.

2. Na tionscadail atá le maoiniú ag an Aontas, tacóidh siad leis an méid seo a leanas:

(a) tionscadail tosaíochta agus thrasghearrthacha sa tslándáil núicléach amhail Uilíochú an Leasaithe ar an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Fhisiceach Ábhair Núicléach, Seirbhísí Slándála Ríomhaire agus Teicneolaíochta Faisnéise agus an Cultúr Slándála Núicléiche a Fheabhsú;

(b) bainistíocht faisnéise le fócas ar riachtanais, tosaíochtaí agus bagairtí slándála núicléiche a mheasúnú;

---

([7]) Cinneadh 2013/517/CBES ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2013 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach i réimsí na slándála núicléiche agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 281, 23.10.2013, lch. 6).

([8]) Cinneadh (CBES) 2016/2383 ón gComhairle an 21 Nollaig 2016 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach i réimsí na slándála núicléiche agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 352, 23.12.2016, lch. 74).

([9]) Cinneadh (CBES) 2020/755 ón gComhairle an 8 Meitheamh 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/2383 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach i réimsí na slándála núicléiche agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 179I, 9.6.2020, lch. 2).

(c) slándáil núicléach ábhar agus saoráidí gaolmhara le fócas ar chosaint fhisiceach agus cuntasacht agus rialú ábhair núicléach a fheabhsú do thimthriall iomlán an bhreosla agus páipéar coincheapa maidir le bearta cosanta fisicí a chur i bhfeidhm i ré COVID-19;

(d) slándáil núicléach ábhar atá lasmuigh den rialú rialála le fócas ar bhonneagar na freagartha institiúidí le haghaidh ábhar atá lasmuigh den rialú rialála;

(e) forbairt clár agus comhar idirnáisiúnta le fócas ar an gclár oideachais agus oiliúna a fhorbairt;

(f) fothú acmhainneachta agus oideachas inscne-dhírithe sa tslándáil núicléach.

3. Agus na tionscadail á gcur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2, chun tacú leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, áiritheofar infheictheacht an Aontais chomh maith le bainistiú cuí an chláir i bhforfheidhmiú an Chinnidh seo.

4. Cuirfear na tionscadail dá dtagraítear i mír 2 i gcrích chun tairbhe Bhallstáit uile IAEA agus na stáit nach Ballstáit de chuid IAEA iad.

5. Tacófar le gach comhpháirt tionscadail trí ghníomhaíochtaí réamhghníomhacha nuálacha for-rochtana poiblí, agus leithdháilfear acmhainní dá réir.

6. Leagtar amach tuairisc mhionsonraithe ar na tionscadail dá dtagraítear i mír 2 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é IAEA a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur i gcrích. Is faoi rialú an Ardionadaí a chuirfear an cúram sin i gcrích. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le IAEA.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 11 582 300 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun na tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur chun feidhme.

2. An caiteachas a mhaoineofar leis an méid a leagtar amach i mír 1, bainisteofar é i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach maoirseacht ar bhainistiú cuí an mhéid tagartha airgeadais dá dtagraítear i mír 1. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú maoiniúcháin i gcrích le IAEA. Leagfar síos sa chomhaontú maoiniúcháin go n-áiritheoidh IAEA infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, i gcomhréir lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú maoiniúcháin dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú maoiniúcháin i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha rialta arna n-ullmhú ag IAEA. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún Eorpach faisnéis faoi ghnéithe airgeadais de chur chun feidhme na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích nó 6 mhí tar éis an dáta a ghlacfar é mura mbeidh aon chomhaontú maoiniúcháin tugtha i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Samhain 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. ROTH

*IARSCRÍBHINN*

1. Ceannteideal 1: Tionscadail tosaíochta agus thrasghearrthacha sa tSlándáil Núicléach

Tionscadal 1: Uilíochú an Leasaithe a rinneadh in 2005 ar an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Fhisiceach Ábhair Núicléach (ACPPNM)

Cúlra

D'fhonn a éascú go gcloífear leis an Leasú agus go gcuirfear chun feidhme é, cuireann IAEA cúnamh reachtach agus teicniúil ar fáil arna iarraidh sin. Áirítear leis sin:

1. Cúnamh le reachtaíocht náisiúnta cur chun feidhme a dhréachtú, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna agus seimineáir náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta a chur ar fáil, cúnamh déthaobhach chun dlíthe náisiúnta a dhréachtú agus oiliúint a chur ar dhaoine aonair.

2. Cúnamh maidir le córas cosanta fisicí Stáit a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil, lena n-áirítear soláthar seirbhísí slándála núicléiche, amhail athbhreithnithe piaraí agus seirbhísí comhairleacha, cúrsaí oiliúna náisiúnta agus réigiúnacha agus ceardlanna atá dírithe ar fhothú acmhainneachta agus ar fhorbairt na n-acmhainní daonna riachtanacha, agus ar Phleananna Tacaíochta Comhtháite maidir le Slándáil Núicléach (PTCSNanna) a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Cuspóirí

Féachfar le cúnamh a thabhairt chun slándáil núicléach a fhorbairt agus a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear treoir a tháirgeadh agus a úsáid go hábhartha i Sraith Slándála Núicléiche IAEA, uilíochú an Choinbhinsiúin maidir le Cosaint Fhisiceach Ábhair Núicléach (CPPNM) gona Leasú, dá dtagraítear A/CPPNM le chéile, a chur chun cinn, malartú faisnéise maidir le slándáil núicléach a éascú, agus an creat dlí idirnáisiúnta a neartú.

Spriocanna inghnóthaithe

1. Athbhreithniú ACCPNM ag Comhdháil na bPáirtithe Stáit in 2021.

2. Ceardlanna idirnáisiúnta, réigiúnacha agus náisiúnta – arna iarraidh sin do na Ballstáit – chun uilíochas CPPNM a chur chun cinn agus chun an fheasacht a ardú.

3. Ábhar for-rochtana a fhorbairt chun go gcloífear níos mó le ACPPNM.

Toradh

Ranníocaíochtaí IAEA chun cloí le A/CPPNM

Tionscadal 2: Seirbhísí Slándála Ríomhaire agus Teicneolaíochta Faisnéise

Cúlra

Is gné ríthábhachtach i gcónaí ag na Stáit an tslándáil faisnéise agus ríomhaireachta chun feabhas a chur ar a gcumais slándála núicléiche.

Dírithe ar ghníomhartha neamhúdaraithe coiriúla nó ar ghníomhartha a dhéantar d'aon ghnó a bhaineann le nó atá dírithe ar ábhar núicléach, ábhar radaighníomhach eile, saoráidí gaolmhara nó gníomhaíochtaí gaolmhara a chosc, a bhrath agus freagairt orthu a bhíonn an tslándáil núicléach. Is ar an Stát, agus ar an Stát amháin, a bhíonn an fhreagracht as an tslándáil núicléach sa Stát, agus bíonn ar an Stát slándáil an ábhair núicléach, aon ábhar radaighníomhach eile, saoráidí gaolmhara, agus gníomhaíochtaí gaolmhara a bhíonn faoina dhlínse a áirithiú. Féachann gach Stát leis an tslándáil núicléach a bhaint amach trína chóras slándála núicléiche féin a chruthú de réir mar is iomchuí don Stát sin. Bíonn ról ríthábhachtach ag ríomhairí i ngach gné den bhainistiú a dhéantar ar oibriú sábháilte slán saoráidí núicléacha, lena n-áirítear slándáil ríomhairí agus cosaint fhisiceach a choinneáil ar bun. Is den ríthábhacht go mbeadh na córais sin go léir slán ar ionsaithe mailíseacha. Ó tharla go mbíonn acmhainneachtaí agus tréithe na bagartha ag síorathrú, bíonn an tslándáil faisnéise agus ríomhaireachta í féin ag síorathrú, agus bíonn teicnící nua bagartha, oirbheartaíochta agus próisis ag teacht chun cinn i gcaitheamh an ama. Déanann IAEA obair atá dírithe ar chosaint a thabhairt ar na bagairtí síorathraitheacha seo.

Cuspóirí

Feabhas a chur ar chumais slándála ríomhaireachta agus slándála faisnéise na Stát.

Spriocanna inghnóthaithe

1. Foilseacháin treoracha maidir le slándáil faisnéise agus slándáil ríomhairí a chomhlánú agus a choinneáil cothrom le dáta i Sraith Slándála Núicléiche IAEA (treoirdhoiciméid nua agus nuashonraithe) agus doiciméid agus foilseacháin theicniúla ghaolmhara.
2. Cruinnithe saineolaithe a óstáil, a bhaineann go sonrach le slándáil ríomhairí na saoráidí núicléacha, chun fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí sa réimse seo.
3. Cúrsaí oiliúna, cleachtaí agus ceardlanna.
4. Cúnamh teicniúil a sholáthraítear do Stáit i slándáil ríomhairí.

Toradh

1. An rannchuidiú a thugann IAEA le cumais fheabhsaithe slándála faisnéise agus ríomhaireachta ar leibhéal an Stáit, ar leibhéal an údaráis inniúil, agus ar leibhéal na saoráidí chun tacú le cosc agus brath teagmhas slándála ríomhaireachta agus chun freagairt orthu, ar teagmhais iad a bhfuil sé de chumas acu tionchar díreach nó indíreach a imirt ar an tsábháilteacht agus slándáil núicléach.
2. Feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta trí shaineolaithe agus lucht déanta beartais a thabhairt le chéile chun malartú faisnéise agus malartú taithí i slándáil ríomhairí a chur chun cinn.
3. Leanúint de threoir agus de dhoiciméid theicniúla a fhoilsiú i réimse na slándála faisnéise agus ríomhairí le haghaidh na slándála núicléiche.

Tionscadal 3: An Cultúr Slándála Núicléiche a Fheabhsú

Cúlra

Is cur chuige ildisciplíneach é cultúr na slándála núicléiche a ullmhaíonn an lucht saothair i gcomhair bagairtí seachtracha agus inmheánacha araon; bíonn an lucht saothair toilteanach agus spreagtha nósanna imeachta seanbhunaithe a leanúint, rialacháin a chomhlíonadh, agus forairdeall a léiriú. Toisc gurb é an duine a d'fhorbair formhór na gcóras slándála núicléiche, agus a bhainistíonn agus a oibríonn iad freisin, is orthu siúd a mbíonn lámh acu sa chúram a bhraitheann rath an chórais slándála núicléiche. Aithnítear cultúr na slándála núicléiche ar cheann de 12 bhunphrionsabal lena dtugtar cosaint fhisiceach d'ábhair núicléacha agus do shaoráidí núicléacha in ACPPNM agus ar cheann de na bunphrionsabail atá sa Chód Iompair maidir le Sábháilteacht agus Slándáil Ábhar Radaighníomhach. Sa Treoir Cur Chun Feidhme maidir le Cultúr Slándála, NSS Uimh. 7, sainítear an cultúr slándála núicléiche mar theaglaim ina mbíonn na tréithe, dearcthaí agus an t-iompar a ghabhann le daoine aonair, le heagraíochtaí agus institiúidí, teaglaim a fheidhmíonn mar bhealach le tacú leis an tslándáil núicléach agus í a fheabhsú. In NSS Uimh. 7, sainítear an coincheap, tugtar cur síos ar róil agus freagrachtaí na n-institiúidí agus na ndaoine aonair, agus tugtar saintréithe an chultúir slándála núicléiche a fhónann chun an tslándáil núicléach éifeachtach a bhaint amach.

Dírítear sa tionscadal seo ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt acmhainní daonna na mBallstát trí bhíthin ceardlanna, cúrsaí oiliúna agus seimineáir ardaithe feasachta, trí thacú le féinmheasúnú a dhéanamh ar chultúr na slándála núicléiche agus trí thaithí a chur chun cinn agus eolas a chomhroinnt maidir le huirlisí agus modheolaíochtaí féinmheasúnaithe agus dea-chleachtais maidir le cultúr na slándála núicléiche.

Cuspóir

Cúnamh a thabhairt do Stáit feabhas a chur ar a gcultúr slándála.

Spriocanna inghnóthaithe

1. Ceardlanna idirnáisiúnta a eagrú maidir le cultúr na slándála núicléiche chun tacú le forbairt acmhainní daonna na mBallstát.
2. Ábhar agus uirlisí oiliúna, lena n-áirítear uirlisí féinmheasúnaithe, a fhorbairt agus a chomhdhlúthú maidir le treoir do chultúr na slándála núicléiche.

Toradh

Malartuithe idirnáisiúnta a chur chun cinn ar thaithí, ar eolas agus ar an dea-chleachtas a bhaineann le bealaí le cultúr stóinseach slándála núicléiche a bheadh ag luí le córais slándála núicléiche na Stát a fhorbairt, a chothú agus a chothabháil.

2. Ceannteideal 2: Bainistiú Faisnéise

Tionscadal 1: Riachtanais, Tosaíochtaí agus Bagairtí Slándála Núicléiche a Mheasúnú (Misin PTCSN)

Cúlra

Cuidíonn IAEA le Stáit aonair a iarrann sin riachtanais slándála núicléiche a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu trí PTCSNanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus trí uirlisí féinmheasúnaithe a fhorbairt. Is ar an Stát, agus ar an Stát amháin, a bhíonn an fhreagracht as an tslándáil núicléach sa Stát, agus bíonn ar an Stát slándáil an ábhair núicléach, aon ábhar radaighníomhach eile, saoráidí gaolmhara, agus gníomhaíochtaí gaolmhara a bhíonn faoina dhlínse a áirithiú. Tacaíonn IAEA le hiarrachtaí na Stát córais slándála núicléiche náisiúnta éifeachtacha agus inbhuanaithe a bhunú; is éifeachtach an sásra é PTCSN a mhéid a bhaineann leis an méid sin. Cé gur doiciméad neamhcheangailteach ó thaobh dlí é PTCSN, meastar gurb ionann é a fhormheas nó a fhormhuiniú ag an Stát agus tiomantas an Stáit do leanúint de na feabhsuithe comhaontaithe slándála núicléiche atá ann a chur chun feidhme. Ceapadh PTCSN chun cuidiú le pleanáil straitéiseach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí slándála núicléiche i Stát agus chun a áirithiú gurb é an Stát is úinéir ar na feabhsuithe sin is gá chun a réimeas slándála núicléiche a neartú. Déantar measúnú ann ar riachtanais slándála núicléiche an Stáit agus cuimsítear ann gníomhaíochtaí atá ar bun ag Stát nó atá beartaithe acu a ghabháil ar láimh, ag Stát agus i gcomhar, i gcás inarb iomchuí, le IAEA nó le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile.

Tá PTCSN eagraithe i gcreat ginearálta réimsí agus cuspóirí slándála núicléiche a sholáthraíonn cur chuige córasach don Stát chun a riachtanais slándála núicléiche a shainaithint. Is é an rún atá leis gnéithe ginearálta slándála núicléiche de chineál straitéiseach a sholáthar do Stát chun cabhrú le cinnteoirí agus cuspóirí pleanála straitéisí a threorú d'fhonn córais slándála núicléiche féinchothaitheacha a bhunú. Tá PTCSN bunaithe ar shé limistéar feidhme: (1) Creat Reachtach agus Rialála; (2) Measúnú Bagairtí agus Riosca; (3) Córas Cosanta Fisicí; (4) Gníomhartha coiriúla agus gníomhartha neamhúdaraithe eile a bhaineann le hábhar atá lasmuigh den rialú rialála a bhrath; (5) Freagairt ar imeachtaí slándála núicléiche; agus (6) Córas slándála núicléiche Stáit a chothú. Chomh maith le misin PTCSN, eagraíonn IAEA Cruinnithe Teicniúla de Phointí Teagmhála PTCSN freisin.

Tacaíonn Córas Bainistíochta Faisnéise maidir le Slándáil Núicléach (NUSIMS) le próiseas PTCSN, córas deonach a ceapadh chun cuidiú leis na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar stádas a mbonneagar slándála núicléiche trí Fhéinmheasúnú a dhéanamh, chomh maith lena ndul chun cinn a rianú i dtreo córas slándála núicléiche éifeachtach a bhunú, a chothabháil agus a chothú. Léiríonn struchtúr faisnéise NUSIMS croí-Limistéir oibríochtúla Slándála Núicléiche (NSAnna) agus tá sé bunaithe ar fhoilseacháin Bhunábhair agus Mholtaí na Slándála Núicléiche arna n-eisiúint laistigh de Shraith Slándála Núicléiche IAEA.

Cuspóirí

Riachtanais slándála núicléiche Stát aonair a shainaithint agus a chomhdhlúthú i ndoiciméad comhtháite lena n-áirítear na feabhsuithe slándála núicléiche is gá, chomh maith le creat saincheaptha a sholáthar chun gníomhaíochtaí slándála núicléiche a dhéanann an Stát, IAEA agus deontóirí féideartha a chomhordú agus a chur chun feidhme.

Ardán cuimsitheach faisnéise a choinneáil lena dtugtar tuiscint mhaith ar riachtanais slándála núicléiche na Stát ar fud an domhain agus lena dtacaítear leis an bPlean Slándála Núicléiche a chur chun feidhme.

Spriocanna inghnóthaithe

1. Forbairt agus cur chun feidhme PTCSNanna.

2. Athbhreithniú ar struchtúr PTCSN agus ath-ailíniú leis, maidir le huirlis nó sásra féinmheasúnaithe deonach le haghaidh úsáid na Stát (NUSIMS).

3. Cruinnithe Teicniúla de Phointí Teagmhála PTCSN.

4. Lámhleabhar Úsáideora PTCSN a thabhairt chun críche.

Toradh

Measúnú ar riachtanais slándála núicléiche na Stát iarrthach, agus tacaíocht a sholáthar trí phleanáil straitéiseach a bhunú maidir le gníomhaíochtaí slándála núicléiche atá molta lena n-áirithiú bunú, cothabháil agus inbhuanaitheacht córas éifeachtach slándála núicléiche chun cabhrú le Stáit cloí le hoibleagáidí A/CPPNM.

3. Ceannteideal 3: Slándáil Núicléach Ábhar agus Saoráidí Gaolmhara

Tionscadal 1: Feabhas a chur ar Chosaint Fhisiceach agus ar Chuntasacht agus Rialú Ábhair Núicléach don tSraith Bhreosla Iomlána

Cúlra

Gníomhaíochtaí a bhaineann le slándáil núicléach ábhair núicléach atá á úsáid agus á stóráil, slándáil núicléach thimthriall an bhreosla núicléach agus saoráidí gaolmhara le linn a saolré, lena n-áirítear cuntasacht agus rialú ábhair núicléach chun críoch slándála núicléiche, agus cur chun feidhme teicniúil A/CPPNM. Forbraíonn an Ghníomhaireacht treoir agus soláthraíonn sí oiliúint agus cúnamh do Stáit, arna iarraidh sin di, chun slándáil na n-ábhar núicléach a fheabhsú trí chuntasacht agus rialú a úsáid. Díreoidh an tionscadal ar aghaidh a thabhairt ar "bagairt chos istigh". Cuirtear treoir ar fáil i gClár Bhagairt Chos Istigh IAEA maidir le bearta slándála núicléiche coisctheacha agus cosantacha chun an bhagairt chos istigh a mhaolú. Tabharfar aghaidh sa tionscadal freisin ar chuntasacht agus rialú ábhair núicléach (NMAC). Cabhraíonn córas NMAC le baint neamhúdaraithe ábhair núicléach a dhíspreagadh agus a bhrath trí fhardal a choinneáil ar gach ábhar núicléach, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann lena shuíomh. Is é príomhchuspóir chóras NMAC faisnéis chruinn, thráthúil, iomlán agus iontaofa a choinneáil agus a thuairisciú maidir le gach gníomhaíocht agus oibríocht (lena n-áirítear gluaiseachtaí) a bhaineann le hábhar núicléach. Bunaítear córas NMAC ar leibhéal na saoráide i gcomhthéacs creata rialála náisiúnta agus tá sé á rialú ag údarás inniúil an Stáit. Ní hionann é agus Státchóras um Ábhar Núicléach a Chuntas agus a Rialú (SSAC) arna bhunú chun oibleagáidí maidir le coimircí idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

Tá acmhainní suntasacha infheistithe ag IAEA chun Institiúid hipitéiseach Shapash um Thaighde Núicléach (SNRI) a fhorbairt. Ba é an príomhchuspóir a bhí le forbairt SNRI a bheith in ann oiliúint a chur ar na Ballstáit maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an tSlándáil Núicléach gan faisnéis íogair a nochtadh maidir le saoráidí iarbhír agus rioscaí a bheith ag baint lena slándáil. Is uirlis úsáideach í samhail SNRI 3D chun críoch oiliúna don tSlándáil Núicléach. Trí SNRI a fhorbairt a thuilleadh, táthar ag súil go ndéanfar cumhacht na samhla 3D a ghiaráil agus go bhfeabhsófar torthaí oiliúna maidir leis an tSlándáil Núicléach. Mar sin féin, agus úsáid á baint as 3D agus VR chun críoch oiliúna, éilítear eolas agus acmhainní speisialaithe. Ní mór cuspóirí oiliúna a bheith ag teacht go dlúth leis na réitigh theicneolaíocha a úsáidtear chun iad a bhaint amach. Tá sé beartaithe ag IAEA na láidreachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag samhail SNRI 3D a fhiosrú a thuilleadh agus forbairt ábhair oideachais a bhaineann le SNRI a chothú amach anseo.

Cuspóirí

Treoir agus uirlisí a chur ar fáil chun aistriú neamhúdaraithe ábhair núicléach agus sabaitéireacht ábhair núicléach agus saoráidí núicléacha ag lucht cos istigh a chosc agus a chosaint.

Measúnú a dhéanamh cad iad na Ballstáit de chuid IAEA a dhéanann ábhar núicléach a phróiseáil, a láimhseáil nó a stóráil ag baint úsáid as córas NMAC agus cúnamh a thabhairt dá n-údaráis inniúla agus dá n-oibreoirí lena áirithiú go mbeidh rath ar chlár NMAC. Measúnú a dhéanamh cad iad na Ballstáit de chuid IAEA nach bhfuil córas NMAC acu faoi láthair agus ar mhaith leo cúnamh a iarraidh agus Clár NMAC á bhunú.

Spriocanna inghnóthaithe

1. Treoirfhoilseacháin don tSraith Slándála Núicléiche agus uirlisí ríomhfhoghlama a tháirgeadh maidir leis an mbagairt chos istigh a chomhrac agus feabhas a chur ar chuntasacht agus rialú ábhair chun críoch slándála núicléiche ag saoráidí

2. Eagrú cúrsaí feasachta agus cúrsaí oiliúna praiticiúla.

3. Eagrú cúrsaí feasachta agus cúrsaí oiliúna praiticiúla maidir le NMAC.

4. Tuilleadh forbartha ar an uirlis oiliúna maidir le réaltacht fhíorúil (VR) Shapash.

Toradh

Leanúint de thacaíocht a chur ar fáil chun cuidiú le hiarrachtaí na Stát córais slándála núicléiche náisiúnta éifeachtacha agus inbhuanaithe a bhunú lena dtacaítear leis an mbagairt chos istigh a chomhrac agus lena bhfeabhsaítear cuntasacht agus rialú chun críoch slándála núicléiche ag saoráidí

Tionscadal 2: Páipéar Coincheapa CRP maidir le bearta cosanta fisicí a chur i bhfeidhm le linn ré COVID-19

Cúlra

Tabharfaidh an tionscadal seo aghaidh ar rialú rochtana agus ar theicneolaíochtaí slándála núicléiche eile a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht na paindéime ag saoráidí ina stóráiltear agus ina n-úsáidtear ábhar núicléach agus ábhar radaighníomhach eile, lena n-áirítear saoráidí timthrialla breosla núicléach, imoibreoirí taighde agus cumhachta, agus saoráidí ábhair radaighníomhaigh. Le linn paindéime cosúil le COVID-19, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag bearta leighis atá beartaithe tarchur an víris a íoslaghdú ar éifeachtacht agus fiú ar chur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí agus na nósanna imeachta slándála núicléiche atá ann cheana amhail bearta rialaithe rochtana pearsanra. D'fhéadfadh athruithe ar phrótacail cur chun feidhme, modhnú na dteicneolaíochtaí atá ann cheana, agus oiriúnú teicneolaíochtaí nua a bheith iomchuí i suíomhanna áirithe chun dúshláin atá ann mar gheall ar COVID-19 a shárú. Déanfar athbhreithniú sa tionscadal ar thaithí oibriúcháin Bhallstáit IAEA maidir le rialú rochtana agus bearta slándála núicléiche eile a úsáid le linn COVID-19 agus sainaithneofar na dúshláin agus na dea-chleachtais lena mbaineann. Féachfaidh sé ansin le teicneolaíochtaí agus nósanna imeachta slándála núicléiche a shainaithint (lena n-áirítear i réimse an rialaithe rochtana) ar gá feabhas a chur orthu agus meastóireachtaí saotharlainne a dhéanamh ar mhodhnuithe féideartha agus ar fheabhsuithe ó thaobh a gcur chun feidhme de faoi choinníollacha cosúil leo siúd a bhíonn i gceist le linn COVID-19. Éascóidh IAEA malartú taithí oibriúcháin agus faisnéise teicniúla i measc na mBallstát, foilseoidh sé na tuarascálacha a bhaineann le tionscadail, agus tacóidh sé le hobair thaighde a dhéanamh i saotharlanna áirithe de chuid na mBallstát.

Cuspóirí

Féachfaidh an tionscadal le bearta éifeachtacha slándála núicléiche a áirithiú ag saoráidí núicléacha agus ag saoráidí ábhar radaighníomhach eile le linn staid atá cosúil le COVID-19. Go sonrach, áirítear na nithe seo a leanas ar chuspóirí an tionscadail:

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar thaithí oibriúcháin na mBallstát maidir le rialú rochtana agus bearta slándála núicléiche eile a chur chun feidhme le linn COVID-19.
2. Na dúshláin agus na dea-chleachtais ghaolmhara a shainaithint.
3. Machnamh a dhéanamh ar an ngá atá ann na teicneolaíochtaí atá ann cheana nó na nósanna imeachta a bhaineann lena n-úsáid a mhodhnú nó teicneolaíochtaí nua a fhorbairt chun na ceanglais leighis a bhaineann le COVID-19 a chur san áireamh.
4. Measúnú teicniúil a dhéanamh ar na modhnuithe atá beartaithe ar an rialú rochtana nua-fhorbartha agus ar theicneolaíochtaí slándála núicléiche eile chun coinníollacha paindéime a chur sa áireamh.

Spriocanna inghnóthaithe

1. Treoir maidir le dea-chleachtais agus moltaí teicneolaíochta chun taithí oibriúcháin na mBallstát sa tslándáil núicléach a chomhroinnt le linn COVID-19.
2. Réimsí teicneolaíochta a shainaithint ar gá tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu chun rialú éifeachtach rochtana agus bearta slándála núicléiche eile a chumasú faoi choinníollacha atá cosúil le COVID-19.

Torthaí

Bearta feabhsaithe i ndáil leis an tslándáil núicléach chun gadaíocht nó sabaitéireacht a chosc i gcás ábhar núicléach agus ábhar radaighníomhach eile agus ag saoráidí núicléacha agus saoráidí radaighníomhacha eile le linn staideanna atá cosúil le paindéim.

Cinnteoireacht fheabhsaithe á déanamh ag comhlachtaí rialála agus ag lucht tionscail maidir le cur chun feidhme rialú rochtana agus teicneolaíochtaí eile slándála núicléiche le linn géarchéime.

4. Ceannteideal 4: Slándáil núicléach Ábhar Lasmuigh den Rialú Rialála

Tionscadal 1: Bonneagar Freagartha Institiúidigh d'Ábhair Lasmuigh den Rialú Rialála

Cúlra

Cuireann an tionscadal cúnamh ar fáil do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, ina n-iarrachtaí an bonneagar is gá a bhunú chun gáinneáil aindleathach ar ábhar núicléach agus ar ábhar radaighníomhach eile a chomhrac. Tá an tacaíocht a thugtar don bhonneagar faoin tionscadal comhroinnte ina seirbhís chun riachtanais bhonneagair a shainaithint agus chun tacaíocht a thabhairt do Stáit chun a gcóras slándála núicléiche, a bhaineann leis an bhfreagairt ar imeachtaí slándála núicléiche a bhfuil baint acu le hábhar atá taobh amuigh de rialú rialála, a bhunú, a chur chun feidhme, a mheasúnú, a chothú agus faireachán a dhéanamh air. Déantar riachtanais bonneagair Stáit a mheasúnú trí phróiseas

Sheirbhís Chomhairleach Slándála Núicléiche Idirnáisiúnta (INSServ) IAEA, nó trí Threochlár um Fhreagairt Slándála Núicléiche a fhorbairt. Réimse eile freagrachta is ea tacaíocht a thabhairt do Stáit ar mian leo córais slándála núicléiche agus bearta do Mhórimeachtaí Poiblí (MPEnna) a chur chun feidhme.

Cuspóir

Cuidiú le Stáit bonneagar institiúideach éifeachtach a bhunú agus a chothú chun iarrachtaí náisiúnta a neartú chun daoine, maoin, an comhshaol agus an tsochaí a chosaint ar úsáid neamhúdaraithe ábhair núicléach agus ábhair radaighníomhaigh eile.

Spriocanna inghnóthaithe

1. Foilseacháin treorach a fhorbairt le haghaidh bonneagar slándála núicléiche agus ábhar agus uirlisí gaolmhara oiliúna.

2. Tacaíocht a sholáthar do Stáit, arna iarraidh sin, agus cumas daonna agus teicneolaíochta a fhorbairt chun bonneagar éifeachtach a chothabháil chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le hábhar núicléach agus radaighníomhach eile atá lasmuigh den rialú rialála.

3. Comhordú na tacaíochta don mheitheal freagartha.

4. Tacaíocht IAEA a sholáthar maidir le bearta slándála núicléiche a chur chun feidhme le haghaidh MPEnna.

Torthaí

Cuireann IAEA le feasacht mhéadaithe ar an ngá atá le bonneagar institiúideach éifeachtach i Stát lena áirithiú go gcomhlíontar oibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá tuiscint dhomhain ag na Stáit ar na buanna agus ar réimsí forbraíochta a gcóras slándála núicléiche a bhaineann le MORC (Ábhair atá Lasmuigh den Rialú Rialála).

Tá plean soiléir am-bhunaithe ag na Stáit chun a gcumais freagartha i leith MORC a fhorbairt.

5. Ceannteideal 5: Cláir a fhorbairt agus comhar idirnáisiúnta

Tionscadal 1: Forbairt an Chláir Oideachais agus Oiliúna

Cúlra

Tá ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht i soláthar clár comhordaithe oideachais agus oiliúna a neartaíonn cumais sna Stáit chun córais slándála núicléiche a bhunú agus a chothú. Tá líon leordhóthanach pearsanra inniúil agus spreagtha ar cheann de na réamhriachtanais thábhachtacha chun córais slándála núicléiche na Stát a bhunú agus a chothú. Is bealach tábhachtach í an oiliúint le hinniúlacht agus feidhmíocht leordhóthanach pearsanra a bhaint amach. Cuidíonn IAEA leis na Stáit trí oiliúint a chur ar fáil agus í bunaithe ar iarrataí agus ar riachtanais na Stát, agus trí thacú le cláir oiliúna agus eagraíochtaí oiliúna maidir leis an tslándáil núicléach a bhunú, lena n-áirítear Lárionaid Tacaíochta um Shlándáil Núicléach (NSSCanna).

Is cur chuige oiliúna é an Cur Chuige Córasach maidir le hOiliúint (SAT) a sholáthraíonn dul chun cinn loighciúil ó shainaithint an eolais, na scileanna agus an dearcaidh is gá chun post nó ról sa tslándáil núicléach a dhéanamh chun oiliúint a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun na hinniúlachtaí sin a bhaint amach, agus meastóireacht a dhéanamh ar an oiliúint sin ina dhiaidh sin. Díreofar go háirithe sa tionscadal seo ar úsáid ríomhfhoghlama agus uirlisí oiliúna ríomhaireachta eile. Níl an tionscadal seo teoranta d'fhorbairt oideachais agus oiliúint, ach baineann sé freisin le comhordú líonraí amhail an Líonra Oideachais Idirnáisiúnta don tSlándáil Núicléach (INSEN) agus an Líonra Idirnáisiúnta do Lárionaid Oiliúna agus Tacaíochta don tSlándáil Núicléach (Líonra NSSC).

Cuspóirí

Is é cuspóir an tionscadail seo cur chuige comhtháite a chur chun cinn maidir le forbairt acmhainní daonna i réimse na slándála núicléiche, agus cuidiú le Stáit a gcumas a fhorbairt chun cláir oideachais agus oiliúna éifeachtacha agus inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun acmhainní daonna a fhorbairt sa tslándáil núicléach, agus iad sin bunaithe ar riachtanais shainaitheanta.

Comhar níos láidre a fhorbairt agus malartú faisnéise méadaithe idir Stáit a éascú maidir le cláir oideachais agus oiliúna don tslándáil núicléach a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí INSEN, tríd an Líonra Idirnáisiúnta NSSC agus trí Thairseach Faisnéise um Shlándáil Núicléach (NUSEC).

Spriocanna inghnóthaithe

1. Modheolaíocht forbartha acmhainní daonna don tslándáil núicléach a chomhroinntear leis na Stáit agus atá in úsáid acu.
2. Bunaíodh Acadamh Ceannaireachta um Shlándáil Núicléach.
3. Taithí agus dea-chleachtais maidir le hoiliúint slándála núicléiche a chomhroinnt.
4. Tacaíocht do na Ballstáit agus modheolaíocht an chur chuige SAT á cur i bhfeidhm acu.
5. Tacaíocht chun anailís leanúnach, rialta a dhéanamh ar riachtanais oiliúna (TNA), meastóireacht a dhéanamh ar oiliúint, agus coistí oiliúna arna soláthar a bhunú.
6. Tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Líonra NSSC agus iad a chomhordú, chun comhroinnt faisnéise agus acmhainní a éascú, agus chun comhar a chur chun cinn i measc na Stát ag a bhfuil NSSC nó iad siúd a bhfuil leas acu i lárionad a fhorbairt.
7. Cúnamh a sholáthar do Stáit chun NSSCanna a bhunú agus a oibriú chun córais náisiúnta slándála núicléiche a chothabháil trí chláir i bhforbairt acmhainní daonna, i dtacaíocht theicniúil agus i dtacaíocht eolaíoch.
8. Tacaíocht do chomhar réigiúnach agus foréigiúnach i measc na Stát le NSSCanna pleanáilte nó oibríochtúla.
9. INSEN.
10. Clár Máistreachta sa tSlándáil Núicléach.
11. Scoileanna maidir leis an tSlándáil Núicléach
12. Cúrsaí Forbartha Dámh maidir le hOideachas Slándála Núicléiche.
13. Ábhair Theagaisc do Chláir Oideachais maidir leis an tSlándáil Núicléach.
14. Cúrsaí ríomhfhoghlama a léiriú i ngach teanga oifigiúil IAEA, lena n-áirítear an t-aistriúchán.
15. Athbhreithniú ar sheanchúrsaí ríomhfhoghlama lena n-áirítear athbhreithniú ar na haistriúcháin.

Toradh

Tá na Stáit in ann bearta a thionscnamh agus a chur chun feidhme go héifeachtach chun a gcórais slándála núicléiche náisiúnta a chothabháil, go háirithe trí chláir i bhforbairt acmhainní daonna, san oideachas, san oiliúint, i dtacaíocht theicniúil, agus i dtacaíocht eolaíoch.

6. Ceannteideal 6: Fothú Acmhainneachta Inscne-dhírithe agus Oideachas sa tSlándáil Núicléach

Cúlra

Agus é ainmnithe mar aitheantas ar an bhfisiceoir ceannródaíoch agus buaiteoir dhuais Nobel faoi dhó, Marie Skłodowska-Curie, sheol an tArd-Stiúrthóir Rafael Mariano Grossi an clár comhaltachtaí le linn ceann d'imeachtaí IAEA a reáchtáladh chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh i mí an Mhárta 2020. Trí thacú lena n-oideachas agus lena dtaithí oibre, tá sé mar aidhm leis an tionscnamh mná óga a spreagadh chun staidéar agus obair a dhéanamh i réimse na heolaíochta, na teicneolaíochta nó an neamhleata núicléach. Cuirfidh an clár comhaltachtaí scoláireachtaí ar fáil go ceann suas le 2 bhliain do mhná atá ag tabhairt faoi chéim iarchéime i léann na heolaíochta agus na teicneolaíochta, nó an neamhleata núicléach. Chomh maith leis sin, tabharfar deis do na comhaltaí a bheith ag obair mar intéirnigh do IAEA chun cur leis an saineolas a fuair siad le linn a gcuid staidéir.

Cuspóirí

Is é is aidhm do Chlár Marie Skłodowska-Curie mná óga a spreagadh chun gairm bheatha a shaothrú i léann na n-eolaíochtaí, na teicneolaíochta agus an neamhleata núicléach trí scoláireachtaí do mhná atá ardspreagtha agus tréitheach a chur ar fáil le haghaidh cláir iarchéime mar aon le deiseanna intéirneachta IAEA. San fhadtéarma, cuirfidh an Clár le glúin nua ceannairí mná san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic a stiúrfaidh forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha ina dtíortha féin.

Sprioc inghnóthaithe

Cuirfidh an clár cistiú ar fáil do 100 mac léinn ar a laghad do na scoláireachtaí, ar chostas iomlán measta EUR 4 go 6 mhilliún go ceann tréimhse 2 bhliain.

Toradh

Oideachas eolaíoch agus taithí oibre a chur ar fáil do mhná chun ionadaíocht chothrom a chur chun cinn maidir le teicneolaíochtaí núicléacha a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda chomhroinnte, lena n-áirítear an tslándáil núicléach.

# CINNEADH (CBES) 2020/1657 ÓN GCOMHAIRLE

## an 6 Samhain 2020

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 11 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1894 ([1]) maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2019/1894, tháinig an Chomhairle ar an gconclúid gur cheart síneadh a chur leis na bearta sin go dtí an 12 Samhain 2021.

(3) Ba cheart na hiontrálacha atá i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlíthiúla, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1894 a thabhairt suas chun dáta agus a leasú.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/1894 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 12 Samhain 2021 agus leanfar d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh air. Déanfar é a athnuachan nó a leasú, mar is iomchuí, i gcás ina measfaidh an Chomhairle nach bhfuil a cuspóirí á gcomhlíonadh.";

(2) Leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Samhain 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. ROTH

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/1894 ón gComhairle an 11 Samhain 2019 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir (IO L 291, 12.11.2019, lch. 47).

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1894, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1 agus 2:

| | Ainm | Faisnéis sainaitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| “1. | Mehmet Ferruh AKALIN | Dáta breithe: 9.12.1960<br>Uimhir Phas nó Aitheantais: 13571379758<br>Náisiúntacht: Turcach<br>Inscne: fireann | Tá Mehmet Ferruh Akalın ina Leas-Uachtarán (Bainisteoir Cúnta Ginearálta) agus ina chomhalta ar Bhord Stiúrthóirí Chorparáid Pheitriliam na Tuirce (TPAO). Tá sé ina cheann ar na Ranna Taiscéalaíochta, Taighde agus Forbartha agus Teicneolaíochtaí Faisnéise de chuid TPAO.<br>Ina cháil mar Leas-Uachtarán TPAO agus mar cheann na Roinne Taiscéalaíochta, tá Mehmet Ferruh Akalın freagrach as gníomhaíochtaí taiscéalaíochta hidreacarbóin amach ón gcósta de chuid TPAO a phleanáil, a stiúradh agus a chur chun feidhme. Áirítear orthu siúd gníomhaíochtaí druileála TPAO nár údaraigh Poblacht na Cipire iad, mar a leagtar amach thíos.<br>Rinne na soithí seo a leanas na gníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe sin:<br>(a) soitheach druileála TPAO Yavuz i bhfarraige theorann Phoblacht na Cipire idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2019;<br>(b) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Dheireadh Fómhair 2019 agus mí Eanáir 2020;<br>(c) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, agus i gcomhaontú le hIosrael, idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2020;<br>(d) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2020;<br>(e) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe, an-ghar dá farraige theorann, idir mí na Samhna 2019 agus mí Eanáir 2020;<br>(f) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse thiar den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra do na Náisiúin Aontaithe ina leith, idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2019. | 27.2.2020 |
| 2. | Ali Coscun NAMOGLU | Dáta breithe: 27.11.1956<br>Uimhir Phas nó Aitheantais: 11096919534<br>Náisiúntacht: Turcach<br>Inscne: fireann | Tá Ali Coscun Namoglu ina Leas-stiúrthóir ar Roinn Taiscéalaíochta Chorparáid Pheitriliam na Tuirce (TPAO).<br>Sa cháil sin, tá Ali Coscun Namoglu páirteach i ngníomhaíochtaí taiscéalaíochta hidreacarbóin amach ón gcósta de chuid TPAO a phleanáil, a stiúradh agus a chur chun feidhme. Áirítear orthu siúd gníomhaíochtaí druileála TPAO nár údaraigh Poblacht na Cipire iad, mar a leagtar amach thíos. | 27.2.2020“ |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Rinne na soithí seo a leanas na gníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe sin:<br>(a) soitheach druileála TPAO Yavuz i bhfarraige theorann Phoblacht na Cipire idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2019;<br>(b) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Dheireadh Fómhair 2019 agus mí Eanáir 2020;<br>(c) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, agus i gcomhaontú le hIosrael, idir mí Eanáir 2020 agus mí Aibreáin 2020;<br>(d) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2020;<br>(e) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe, an-ghar dá farraige theorann, idir mí na Samhna 2019 agus mí Eanáir 2020;<br>(f) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse thiar den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra do na Náisiúin Aontaithe ina leith, idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2019. | |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA